

**INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE**

**AN SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE
OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE
EARRACH 2022**

**TRIAIL CHLUASTUISCEANA
TÉACS NA MÍREANNA**

Na gíotaí sa triail chluastuisceana seo,
tá siad curtha in oiriúint ó gíotaí a foilsíodh ag:
<http://www.cogg.ie>; <http://www.windenergyireland.com>; <https://www.forasnagaeilge.ie/>; <http://www.gaeloideachas.ie>;
<https://www.gaa.ie/the-gaa/cultur-agus-gaeilge/>; <http://www.tuairisc.ie.>; <https://udaras.ie/en/>

Treasa:

Institiúid Oideachais Marino, 2022.

An Cháilíocht sa Ghaeilge.

Triail Chluastuisceana.

Leanfaidh an triail seo ar feadh beagnach uair an chloig. Iarrtar ort éisteacht leis na giotáí cainte ar fad agus leis na treoracha a chloisfidh tú ar an téip.

Tá trí roinn sa triail: Roinn A: Fógraí
Roinn B: Comhráite
Roinn C: Míreanna Nuachta

Tá na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le gach ceann de na trí roinn sin, clóbhuailte ar do pháipéar scrúdaithe.

[Bleep]

Roinn A: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn A.

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 1

(Canúint na Mumhan)

Áine:

Fógra anseo ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (C.O.G.G.). Tá cnuasach d'áiseanna don chorpoideachas curtha le chéile ag ár nOifigeach Oideachais, Máire Nic an Rí, i bhfoirm *Padlet*. Is *Padlet* é atá lán le smaointe chun páistí a choinneáil gníomhach agus bainfidh múinteoirí bunscoile agus tuismitheoirí tairbhe as.

Cuireann an *Padlet* nasc ar fáil chuig áiseanna éagsúla. I measc na n-áiseanna sin, tá póstaeir agus luaschártaí ar a mínítear bunscoileanna gluaiseachta, agus, tá físeáin ina léirítear cluichí clóis éagsúla á n-imirt ag páistí. Cuireann na háiseanna go léir béim ar an nGaeilge a bhíonn ag teastáil chun corpoideachas a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin *Padlet* seo agus faoi na háiseanna go léir a chuireann C.O.G.G. ar fáil ag an suíomh idirlín www.cogg.ie nó trí ríomhphost a chur chuig eolas@cogg.ie.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 2

(Canúint Chonnacht)

Seosamh:

Fógraíonn An Gúm go bhfuil sraith nua de leabhair shaothair scríofa ag Florence Gavin chun cabhrú le múinteoirí féinmhuinín sa mhatamaitic a chothú i measc páistí. Is é *Mata Go Deo!* an teideal atá ar an tsraith agus tá leabhar scríofa do gach rang ó na Naíonáin Shóisearacha go Rang a Sé.

Tá leabhair Florence Gavin bunaithe ar thaighde cuimsitheach agus cabhróidh siad le múinteoirí measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn an dalta aonair sa mhatamaitic. Beidh an múinteoir in ann tógáil ansin ar láidreachtaí na ndaltaí agus breis oibre a dhéanamh ar laigí na ndaltaí ionas go bhforbróidh siad scileanna a bheidh acu ar feadh a saoil

Tá tuilleadh eolais faoin tsraith nuálach seo ar fáil trí ríomhphost a chur chuig angúm@forasnaGaeilge.ie.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 3

(Canúint Uladh)

Muiris:

Fógra anseo do bhunmhúinteoirí ó *Wind Energy Ireland*. Tá póstaer nua Gaeilge curtha ar fáil saor in aisce againn do bhunscoileanna ar fud na tíre. Tugann an póstaer eolas do pháistí faoi chumhacht nádúrtha na gaoithe.

Léiríonn an póstaer gur cumhacht ghlas nó ghlan í cumhacht na gaoithe atá go maith don phláinéad agus go bhféadfaí cumhacht na gaoithe a úsáid chun leictreachas a chur ar fáil in áit bhreoslaí ar mó a lorg carbóin ar nós guail nó gáis.

Más mian leat tuilleadh eolais a fháil faoin bpóstaer nua nó faoin athrú aeráide i gcoitinne, beidh fáilte romhat teagmháil a dhéanamh linn trí do shonraí a líonadh isteach ar an bhfoirm speisialta le haghaidh ceisteanna atá curtha ar fáil ag: www.windenergyireland.com.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Roinn B: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na teoracha agus na ceisteanna a bhaineann le

Roinn B.

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá I
(Canúint na Mumhan)

- Micheál: Dia duit, a Nóra. Conas atá tú?
(Tomás)
- Nóra: Dia is Muire duit. Táim go breá ar fad go raibh maith agat. An bhfuil aon scéal agat?
- Micheál: Chuala tú, is dócha, go bhfuil Máire Mhac an tSaoi imithe ar shlí na fírinne?
- Nóra: Chuala mé é sin inné. Bhí sí naoi mbliana is nócha d’aois.
- Micheál: Bhí sí ar chomhaois leis an stát – *The Same Age As The State* – nárbh é sin an teideal a thug sí ar a dírbheathaisnéis?
- Nóra: Tá an ceart agat. Níor léigh mé an leabhar sin ach taitníonn a cuid filíochta go mór liom. Banfhile ceannródaíoch ab ea í.
- Micheál: Ceannródaí ab ea Máire Mhac an tSaoi ar go leor bealaí i ndáiríre. Ba í an chéad bhean in Éirinn ar glacadh léi mar abhcóide.
- Nóra: Is fíor duit agus rinne sí obair thábhachtach, freisin, mar thaidhleoir sa Spáinn agus sa Fhrainc.
- Micheál: Nach raibh sí pósta leis an bpolaiteoir cáiliúil, Conor Cruise O’Brien?
- Nóra: Bhí. Ach, bhí daoine cáiliúla eile i measc a muintire leis - b’iníon í leis an Iar-Thánaiste, Séan MacEntee, agus ba neacht í leis an scoláire aitheanta, an Moinsíneoir Pádraig de Brún.
- Micheál: Sílim gurbh é an Moinsíneoir de Brún sin a thóg ‘Tigh na Cille’ – an teach thiar i nGaeltacht Chorca Dhuibhne inar chaith Máire go leor dá cuid laethanta saoire agus í óg.
- Nóra: Sin é go díreach. Deirtear go ndeachaigh na tréimhsí a chaith sí i nDún Chaoin i bhfeidhm go mór uirthi.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá 2
(Canúint Chonnacht)

- Aisling: Dia duit, a Éamoin. Cén chaoi a bhfuil tú?
(Treasa)
- Éamon: Táim go han-mhaith, a Aisling. Cén chaoi a bhfuil tú féin?
(Seosamh)
- Aisling: Thar cionn! Chuala tú, is dócha, gur cheannaíomar teach nua an mhí seo caite.
- Éamon: Níor chuala mé é sin. Comhghairdeas libh! Cá bhfuil sé suite?
- Aisling: Lasmuigh den Spidéal - thart ar dheich nóiméad ó mo scoil féin.
- Éamon: Tá sé sin an-áisiúil.
- Aisling: Tá sé go hiontach, a Éamoinn. Bíonn m'íníon, Síle, in ann siúl chuig a scoil gach maidin agus tógaim mo mhac, Pádraig, ar scoil liom féin sa ghluaisteán.
- Éamon: Ach nach bhfuil praghas na dtithe an-ard i láthair na huaire?
- Aisling: Tá, ach fuairamar praghas maith ar an sean-teach a bhí againn i bPort Omna agus bhí an t-ádh orainn go rabhamar in ann méid áirithe airgid a shábháil le linn na paindéime.
- Éamon: Agus cé mhéad seomra atá sa teach?
- Aisling: Is teach scoite réasúnta mór é agus tá trí sheomra codlata, cistin, seomra bia agus seomra suite ann.
- Éamon: Agus an bhfuil gairdín leis?
- Aisling: Tá gairdín breá griannmhar os comhair an tí agus tá paitió beag ar chúl an tí. Beidh ort teacht ar cuairt chugainn deireadh seachtaine éigin chun é a fheiceáil. An mbeidh tú saor Dé Domhnaigh seo chugainn?
- Éamon: Beidh. Ba bhreá liom an teach nua a fheiceáil. Cuirfidh mé glao ort Dé Sathairn chun am a eagrú. Go raibh míle maith agat.
- Aisling: Tá fáilte romhat agus beimid ag caint Dé Sathairn.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá 3
(Canúint Uladh)

- Pól: Cad é mar atá tú a Mhoya? An raibh deireadh seachtaine deas agat?
(Muiris)
- Moya: Bhí go raibh maith agat, a Phóil. Bhí mé gnóthach, mar is iondúil,
(Caitlín) Dé Sathairn, le hobair an tí agus le cúrsaí siopadóireachta ach chuaigh mé ar shiúlóid álainn Dé Domhnaigh le mo chlann.
- Pól: Cá ndeachaigh sibh?
- Moya: Thiomáineamar go dtí an carrchlós gar don Tearmann ag Loch Ghleann
Bheatha agus shiúlamar uaidh sin go dtí Caisleán Ghleann Bheatha agus ar ais.
- Pól: Agus cá fhad a thóg sé sin oraibh?
- Moya: Thart ar dhá uair an chloig agus daichead bomaite a thóg sé.
- Pól: Sin siúlóid fhada do na páistí.
- Moya: Bhuel! Níl an tsiúlóid féin mórán níos faide ná deich gciliméadar ach bhí picnic bheag againn sna gairdíní in aice leis an chaisleán agus chuir sí sin moill orainn.
- Pól: Bhí sé sin ar dóigh.
- Moya: Is siúlóid iontach shábháilte í ar bhruach an locha. Ba chóir duit triail a bhaint as lá éigin, a Phóil. Déanann an t-aer úr maitheas d'achan duine!
- Pól: Ó! Déanann an t-aer úr maitheas don chorp agus don anam. Agus an gceadaítear madraí ar an tsiúlóid sin?
- Moya: Ceadaítear madraí ach iad a choinneáil ar iall.
- Pól: Tá sé sin go hiontach. Bainfidh mé triail aisti le mo mhadra, Biongó, an deireadh seachtaine seo chugainn.
- Moya: Seans go dtchífimid ansin thú, a Phóil!

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Roinn C: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na teoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn C

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 1

(Canúint na Mumhan)

Tomás:

Seoladh Plean Gníomhaíochta do Ghaeltacht Uíbh Ráthaigh i gCill Orglan aréir. Tá sé d'aidhm ag an bplean dul i ngleic le titim dhaonra agus le dul in aois an phobail sa cheantar. Is é príomhchuspóir an phlean ná Gaeltacht Uíbh Ráthaigh a athbheochan trí theaghlaigh óga a mhealladh ó áiteanna eile chun cur fúthu sa cheantar.

Ag labhairt ag an ócáid, dúirt Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta, Mícheál Ó hÉanaigh, gur ceantar álainn é ceantar Uíbh Ráthaigh ina bhfuil spiorad láidir pobail. Luaigh sé go bhfuil raon leathan seirbhísí ar fáil do thuismitheoirí óga sa cheantar idir sheirbhísí oideachais, sheirbhísí leathanbhanda agus sheirbhísí teanga.

Beidh seisiún eolais á reáchtáil ar líne ar a hocht a chlog, Dé Máirt seo chugainn do dhaoine a bhfuil spéis acu bogadh go hUíbh Ráthach. Is í Caitlín Breathnach, an Bainisteoir Tionscnaimh, a bheidh ina héascaitheoir ar an seisiún eolais agus freagróidh sí aon cheist a bhíonn ag rannpháirtithe.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 2

(Canúint Chonnacht)

Treasa:

Ag ócáid fhíorúil aréir seoladh eagrán speisialta de *Cuaille*. Is í *Cuaille* iris Ghaeilge Chumann Lúthchleas Gael agus cuirtear ar fáil í saor in aisce ceithre huair sa bhliain. Bíonn míreanna inti do ghasúir agus do dhaoine fásta.

San eagrán speisialta seo, féachtar siar ar an mbliain seo caite in ailt faoi pheileadóirí Thír Eoghain agus faoi iománaithe Luimnigh. Tá ailt ann, freisin, ar bheirt imreoirí idirchontae - Eoin Ó Cearúil, peileadóir le hUíbh Fhailí, agus Diarmaid Carney, atá ar fhoireann iomána an Chabháin.

Agus é ag labhairt ag an ócáid ar líne, dúirt Jamie Ó Tuama, Oifigeach Forbartha Gaeilge le Cumann Lúthchleas Gael, go gcuirfeadh muintir na Gaeltachta spéis ar leith san agallamh atá in *Cuaille* le Colm Ó Neasa agus Seán Ó Cuirrín, eagarthóirí an leabhair nua: *Ón Dumhach go dtí an Plantation*. Is leabhar é sin faoi stair na peile i nGaeltacht Chonamara.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 3

(Canúint Uladh)

Caitlín:

Bhronn Comhairle Contae Dhún na nGall maoiniú suntasach ar ‘Eispéireas Aillte Shliabh Liag’ inné. Úsáidfidh an pobal Gaeltachta an maoiniú chun uasghrádú a dhéanamh ar an chonair shléibhe sa cheantar.

Is ceann scríbe cáiliúil é Sliabh Liag don turasóireacht eachtraíochta agus tagann daoine ó chian agus ó chongar chuige achan bhliain chun tréimhse a chaitheamh ag spaisteoireacht amuigh faoin spéir.

Agus í ag labhairt faoin nuacht, dúirt an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphreys, go dtabharfadh an maoiniú deis don phobal áitiúil agus do thurasóirí áilleacht na Gaeltachta a fheiceáil. Dúirt sí go bhfuil áilleacht na tíre tugtha faoi deara ag níos mó daoine le dhá bhliain anuas agus daoine ag fanacht níos gaire don bhaile dá laethanta saoire le linn na paindéime.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Tá an triail thart anois. Go raibh maith agaibh.